**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002**

# EACNAMAÍOCHT BHAILE (EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA)

## GNÁTHLEIBHÉAL

---

**DÉ hAOINE, 7 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.45**

---

(400 marc)

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **gach** Roinn ar leith, na ceisteanna eile ar rogha an iarrthóra.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

THALL→

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **gach** Roinn ar leith, na ceisteanna eile ar rogha an iarrthóra.

## ROINN 1 – EOLAÍOCH

**1.** Tabhair tuairisc ar thorthaí staidéir a rinne tú ar charbaihiodráití faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo:
**(i)** aicmiú agus samplaí de gach aicme;
**(ii)** struchtúr;
**(iii)** feidhmeanna;
**(iv)** príomhfhoinsí san aiste bia.
Luaigh sonraí **dhá** fhadhb a bhaineann le hiontógáil carbaihiodráití san aiste bia.

**2.** Tabhair cuntas ar luach cothaitheach cáise.
Luaigh cúpla moladh praiticiúil chun déagóirí a spreagadh chun cáis a chur san áireamh mar chuid dá réim bia.
Agus cáis mar phríomhábhar agat, tabhair treoracha iomlána chun scroid bia te oiriúnach do dhéagóirí a ullmhú, a chócaráil agus a riar.
Breac síos na céimeanna oibre i ndéantúsaíocht cháis chéadair.

**3.** Ainmnigh orgáin an chóras díleáite. Agus léaráid lipéadaithe go soiléir mar chúnamh agat, taispeáin suíomh na n-orgán seo sa chorp.
Tabhair cuntas ar: **(i)** struchtúr agus **(ii)** feidhmeanna an bhoilg.
Mínigh an ról atá ag na heinsímí seo a leanas i ndíleá an bhia:
**(a)** peipsin;
**(b)** lachtáis.

**4.** Luaigh na cúiseanna a ndéantar bia a úrchaomhnú.
Ainmnigh **dhá** mhodh chun bia a úrchaomhnú atá oiriúnach le húsáid sa bhaile.
Luaigh an prionsabal atá i gceist maidir le **ceann ar bith** de na modhanna atá ainmnithe agat.
Tabhair treoracha soiléire, agus do rogha toradh á n-úsáid agat, chun méid beag suibhe a ullmhú, a dhéanamh agus a chur i bpotaí. Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanfá tástáil ar an subh don phointe téachta.

# <u>ROINN II - SÓISIALTA</u>

**5.** Tabhair cuntas ar fheidhmeanna an teaghlaigh.
Déan cur síos ar na cineálacha éagsúla struchtúr teaghlaigh.
Breacrianaigh na bealaí a ndeachaigh athruithe sa tsochaí i bhfeidhm ar an teaghlach.
Tabhair cuntas gairid ar eagraíocht **<u>amháin</u>** a thugann tacaíocht do theaghlaigh in am an ghátair.

**6.** Scríobh cuntas eolais ar **<u>dhá</u>** cheann ar bith díobh seo a leanas:

**(i)** buntáistí agus míbhuntáistí na fógraíochta;
**(ii)** na fadhbanna a gcaitheann daoine faoi mhíchumas dul i ngleic leo agus na seirbhísí atá ar fáil chun cabhrú leo na fadhbanna seo a shárú;
**(iii)** na bealaí inar féidir le daoine óga ionchur dearfach a bheith acu i saol an phobail;
**(iv)** na tosca is cúis le díthreabhacht agus na héifeachtaí a bhíonn ag díthreabhacht ar an duine aonair.

**7.** Déan leagan amach seomra codlata do dhéagóir a phleanáil. Bain úsáid as léaráid le do fhreagra a léiriú.
Déan cur síos ar **(i)** an clúdach balla, **(ii)** an clúdach urláir, **(iii)** an soilsiú agus **(iv)** na bogthroscáin a roghnófá don seomra. Cuir fáthanna le do rogha **<u>i ngach cás</u>**.
Liostigh na tosca ba chóir a chur san áireamh agus fabraic do chuirtíní á roghnú don teach. Mol **<u>dhá</u>** fhabraic a bheadh oiriúnach do chuirtíní i seomra codlata.

**8.** Breacrianaigh an cuspóir atá le haerú tí chónaithe agus luaigh na héifeachtaí a bhaineann le drochaeráil.
Cuir le chéile sraith treoirlínte ba chóir a leanúint chun comhdhlúthú sa teach a chosc.
Mol modh aerála a bheadh oiriúnach do sheomra folctha beag faoin staighre nach bhfuil fuinneog ar bith ann. Mínigh cén chaoi a n-oibríonn an modh aerála seo.

**9.** Liostaigh na toscaí ba chóir a chur san áireamh agus fearais leictreacha á roghnú do theach teaghlaigh.
Tabhair cuntas ar an meaisín níocháin a mholfá do theaghlach le páistí óga. Bíodh tagairt agat do:

**(i)** méid agus cineál an fhearais;
**(ii)** comhdhéanamh;
**(iii)** gnéithe nua-aimseartha;
**(iv)** costas.

Luaigh an tábhacht a bhaineann le fearas faoi ráthaíocht a cheannach.